

# Polasaí na gCoimisinéirí Ioncaim um Thuairisciú Nochtuithe Cosanta san Ionad Oibre

## Stair na Leaganacha

Uimhir an Leagain	Dáta an Athbhreithnithe	Achoimre ar na hAthruithe
1.0		Leagan Tosaithe foilsithe i mí Lúnasa 2014
2.0	Mí Eanáir 2019	Athbhreithniú déanta agus leasú déanta i leith Nochtuithe Seachtracha, ábhar curtha le tuairisciú anaithnid agus leasuithe eile

## Clár na nÁbhar

1. Réamhrá .....	2
2. Príomhphrionsabail bhunúsacha an pholasáí .....	2
3. Cé leis a mbaineann an polasaí? .....	2
4. Cé na cineálacha nochtaithe nach gclúdaítear faoin bpolasaí? .....	2
5. Cé na cineálacha nochtuithe a chlúdaítear faoin bpolasaí? .....	2
6. Tuairisciú Anaithnid.....	3
7. Cén uair ba chóir d’oibrí nochtadh a dhéanamh? .....	3
8. Cainéil trína bhféadtar nochtadh a thuairisciú.....	3
9. Nochtuithe Seachtracha .....	4
10. Rúndacht .....	4
11. Taifid .....	4
12. Athbhreithniú ar an bPolasaí.....	4
Aguisín A: Treoir do Bhainisteoirí agus don Ghrúpa Nochtuithe Cosanta chun déileáil le nochtuithe.....	5
Aguisín B: Sreabhadh Oibre an Phróisis Tuairiscithe Inmheánaigh.....	6

## 1. Réamhrá

Tá na Coimisinéirí Ioncaim tiomanta do chultúr agus timpeallacht chuí a chothú trína dtugtar spreagadh agus tacaíocht do bhaill foirne ó thaobh ábhar imní a thionscnamh i ndáil le héagóir fhéideartha san ionad oibre, agus táimid tiomanta don tacaíocht chuí a chur ar fáil do bhaill foirne a thionscnaíonn fíor-ábhair imní. Faoin [Acht um Nochtadh Cosanta, 2014](#) iarrtar ar an uile chomhlacht poiblí nósanna imeachta a bhunú agus a choimeád chun déileáil le nochtuithe cosanta, agus iarrtar eolas i scríbhinn a chur ar fáil d'oibrithe i ndáil leis na nósanna imeachta seo. Leagtar amach sa doiciméad seo polasaí na gCoimisinéirí Ioncaim i leith Nochtuithe Cosanta (an polasaí).

Faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, cuirtear ar chumas oibrithe ábhar imní a thionscnamh i ndáil le héagóir fhéideartha san ionad oibre de bhun cinntiú go bhfuil cosaint ann sa chás go dtógann a bhfostóirí bearta díoltais ina gcoinne. Faoin Acht, tugtar foráil do chóras nochtuithe 'céimnithe' trína gcuirtear roinnt cainéal (inmheánach, rialála agus seachtracha) ar leithligh ar fáil.

## 2. Príomhphrionsabail bhunúsacha an pholasaí

Aon oibrí a chreideann go réasúnta go léirítear, nó go bhfuil claonadh go léirítear, san eolas a chuirtear ar fáil sa nochtadh gur tharla éagóir atá clúdaithe sa pholasaí, nó go bhfuil sé ag tarlú, nó gur dócha go dtarlóidh sé, ba chóir go gcosnófaí an t-oibrí i leith aon bheart díoltais, fiú más trí earráid nó míthreoir atá ábhar imní an oibrí ar deireadh.

Aon chásanna de bhearta díoltais i gcoinne duine a thugann tuairisc faoin bpolasaí, féadfaidh na cásanna a bheith faoi réir gnímh faoi Chód Iompair na Státseirbhíse.

## 3. Cé leis a mbaineann an polasaí?

Baineann an polasaí le gach oibrí de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim, agus in éineacht le fostaithe, folaíonn sé seo conraitheoirí, sainchomhairleoirí, baill foirne gníomhaireachtaí agus intéirigh.

## 4. Cé na cineálacha nochtaithe nach gclúdaítear faoin bpolasaí?

Is é aidhm an pholasaí ná díobháil do dhaoine eile nó do na Coimisinéirí Ioncaim a chosc. Ní chlúdaíonn sé gearáin phearsanta nó cúiseanna gearáin pearsanta. Tá nósanna imeachta chun déileáil le cúiseanna gearáin ar fáil ar <http://hr.per.gov.ie/grievance/>.

Ní chlúdaíonn an polasaí seo nochtadh ina gcuireann an fostaí in iúl, go feasach, eolas atá bréagach, míthreorach, fánach nó cráiteach. Má tharlaíonn sé go ndéanann oibrí nochtadh arb eol dóibh a bheith bréagach nó nach gcreideann an t-oibrí an nochtadh a bheith fíor, féadann na Coimisinéirí Ioncaim gníomh smachtaithe nó cuí a thógáil.

## 5. Cé na cineálacha nochtuithe a chlúdaítear faoin bpolasaí?

Clúdaítear faoin bpolasaí seo nochtadh faisnéise a dhéanann oibrí de réir na tuairime réasúnaí gur tharla, nó gur dócha go dtarlóidh ceann amháin, nó breis agus ceann amháin de na cineálacha éagsúla éagóra seo a leanas:

- Cion coiriúil
- Loiceadh cloí le dualgais dhlíthiúla
- Iomrall ceartais
- Sláinte nó sábháilteacht duine a chur i mbaol
- Díobháil don chomhshaol
- Úsáid neamhdhleathach nó míchuí ar bhealach eile as cistí nó acmhainní

- Gníomhaíochtaí calaoiseacha
- Gníomh nó neamhghníomh atá leatromach, idirdhealaitheach, mór-neamartach nó ar mór-mhíbhainistíocht é
- Ceilt nó scriosadh fianaise i ndáil le haon cheann dá bhfuil thuas.

Ní mór go dtiocfadh an fhaisnéis chun aird an oibrí i ndáil lena bhfostaíocht. Ní bhaineann an Polasaí seo le nochtuithe éagóra más ábhar é ina bhfuil sé mar fheidhm ag an oibrí nó ag na Coimisinéirí loncaim ábhair a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh.

## 6. Tuairisciú Anaithnid

Féadtar nochtuithe anaithnide a dhéanamh agus déanfar gníomh ina leith feadh an mhéid atá sé seo indéanta i bhfianaise na n-iallach a bhaineann le breis faisnéise a fháil ón oibrí a dhéanann an nochtadh. Ba chóir a thabhairt faoi deara, áfach, maidir leis an gcosaint faoin Acht agus le gnéithe eile den nós imeachta um nochtadh cosanta (mar shampla an nochtóir a choinneáil ar an eolas agus an nochtóir a chosaint ó phionós), féadfaidh an chosaint a bheith deacair nó dodhéanta ach amháin má scaoileann an t-oibrí leis an anaithnideacht.

## 7. Cén uair ba chóir d'oibrí nochtadh a dhéanamh?

Ba chóir d'oibrí nochtadh a dhéanamh sa chás, de réir thuairim réasúnach an oibrí, gur tharla aon cheann den éagóir a bhfuil achoimre orthu i gCuid 5, nó go bhfuil aon cheann díobh ag tarlú, nó gur dócha go dtarlóidh aon cheann díobh, nó gur sáraíodh polasaí de chuid na gCoimisinéirí loncaim nó de chuid na Státseirbhíse feadh an mhéid go bhféadfaidh sé go bhfuil díobháil ag eascairt uaidh chun daoine eile nó na Coimisinéirí loncaim.

Ní iarrtar ar oibríthe, ná níl oibríthe i dteideal ábhair a imscrúdú iad féin le cruthúnas a fháil i leith an amhrais atá orthu agus níor chóir d'oibríthe iarracht a dhéanamh a leithéid a dhéanamh.

## 8. Cainéil trína bhféadtar nochtadh a thuairisciú

Féadtar nochtadh a dhéanamh trí bhainisteoirí líne nó trí Ghrúpa Nochtuithe Cosanta na gCoimisinéirí loncaim:

- **Bainisteoirí Líne**

Féadann daoine aonair ábhair imní a thionscnamh i scríbhinn lena mbainisteoirí líne díreacha ag leibhéal Ard-Oifigigh Feidhmiúcháin nó os a gcionn. De rogha air sin, má bhraitheann an duine aonair nach bhfuil siad in ann an t-ábhar a thionscnamh lena mbainisteoirí líne díreacha, féadtar an t-ábhar a thionscnamh ansin lena gCeannasaí Rannóige.

- **Grúpa Nochtuithe Cosanta**

Féadann daoine aonair ábhair imní a thionscnamh le Grúpa Nochtuithe Cosanta na gCoimisinéirí loncaim. Is éard atá sa Ghrúpa seo ná an Stiúrtóir Iniúcháireachta Inmheánaí, an Príomhoifigeach Straitéise & Oibríochtaí Acmhainní Daonna agus Príomhoifigeach an Bhrainse Bainistíochta Faisnéise. Féadtar an nochtadh a sheoladh chuig an seoladh ríomhphoist [protecteddisclosuresgroup@revenue.ie](mailto:protecteddisclosuresgroup@revenue.ie) é sin nó féadtar é a chur i scríbhinn go hanaitnid chuig duine de chomhaltaí an Ghrúpa a thabharfaidh an t-ábhar chun aird gach duine de chomhaltaí an Ghrúpa.

Tugtar treoir in Aguisín A leis seo ar dhéileáil le nochtadh éagóra inbhraite san ionad oibre, lena n-áirítear measúnú ar an nochtadh, aiseolas a chur ar fáil agus tuairisciú an toraidh/na taifid a chur ar fáil don Rúnaí Cúnta sa Rannóg Seirbhísí Corparáideacha (féach Cuid 11).

## 9. Nochtuithe Seachtracha

Déantar achoimre sa pholasáí seo ar nósanna imeachta chun nochtuithe cosanta a dhéanamh agus chun déileáil leo taobh istigh de na Coimisinéirí Ioncaim. Faoi réir coinníollacha áirithe, féadann oibrí nochtadh a dhéanamh le daoine seachtracha áirithe (mar shampla an tAire Airgeadais, comhairleoir dlí, srl). Má tá faisnéis cáinócóra sa nochtadh, áfach, ní bheidh sé cosanta ach amháin má dhéantar é leis an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. I measc na gcoinníollacha ó thaobh an oibrí de, tá an méid seo:

- Go gcreideann an t-oibrí go mbeidh sé/sí faoi réir pionóis ag a fhostóir/fostóir má dhéanann sé/sí nochtadh leis an bhfostóir nó leis an Aire Airgeadais, srl.;
- Go gcreideann an t-oibrí go réasúnach gur dócha go gceiltfear nó go scriosfar fianaise chuí;
- Go ndearna an t-oibrí nochtadh den fhaisnéis chéanna go substaintiúil leis na Coimisinéirí Ioncaim nó leis an Aire Airgeadais, srl.; agus
- Go bhfuil an éagóir chuí de nádúr atá go heisceachtúil trom.

## 10. Rúndacht

Tógfaidh na Coimisinéirí Ioncaim gach céim réasúnach déileáil le nochtuithe a dhéantar tríd an bpolasáí seo ar bhealach rúnda agus íogair. Ní nochtfaidh na Coimisinéirí Ioncaim aitheantas an oibrí gan a dtoil a fháil, ach amháin má iarrtar é faoin dlí nó má tá sé riachtanach chun imscrúdú éifeachtach a dhéanamh ar éagóir chuí.

## 11. Taifid

Ba chóir taifid i leith nochtuithe cosanta, ábhair a thionscnaítear, an toradh san áireamh, a thuairisciú do Rúnaí Cúnta na Rannóige Seirbhísí Corparáideacha, agus coinneofar iad ar feadh tréimhse íosta cúig bliana tar éis dhúnadh an cháis. Coinneofar na taifid seo i dtimpeallacht rúnda agus slán. Beidh tuairisc achomair ar gach nochtadh cosanta san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil na gCoimisinéirí Ioncaim.

## 12. Athbhreithniú ar an bPolasáí

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasáí ag eatraimh íosta dhá bhliain, é sin nó nuair a iarrann Bord na gCoimisinéirí Ioncaim athbhreithniú.

## Aguisín A: Treoir do Bhainisteoirí agus don Ghrúpa Nochtuithe Cosanta chun déileáil le nochtuithe

Ní mór caitheamh go dáiríre le gach nochtadh tuairiscithe i leith éagóir inbhraite san ionad oibre agus ba chóir na céimeanna seo a leanas a thógáil:

- Léigh an nochtadh agus na céimeanna a thógtar chun déileáil leis.
- Déan soiléiriú leis an oibrí ar bhunús na n-ábhar inní a thionscnaítear.
- Deimhnigh cé acu fianaise atá ar fáil chun tacú leis na hábhair inní.
- Déan machnamh ar aon leas pearsanta a d'fhéadfadh a bheith ag an oibrí san ábhar i gceist.
- Déan measúnú riosca ar an ábhar agus gníomhaigh go láithreach ina leith má tá cailteanas trom nó díobháil do dhaoine eile i gceist leis an éagóir líomhnaithe.
- Déan fiosruithe cuí go pras, go híogair agus go discréideach, agus tóg gach céim réasúnach chun aitheantas an duine a rinne an nochtadh a chosaint.
- Má tá gá le haitheantas an oibrí a nochtadh chun tabhairt faoi fhiosrú éifeachtach, téigh i gcomhairle leis an oibrí.
- Faigh fianaise ó gach finné cuí.
- Déan measúnú ar cé acu an bhfuil an tuairisc nochtaithe bunaithe ar thuairim réasúnach ach gan bhunús, bunaithe ar thuairim réasúnach agus le bunú nó más tuairisc bhréagach d'aon turas é.
- Gníomhaigh go cuí má tá bunús leis an nochtadh.
- Má tá an nochtadh bréagach d'aon turas, déan machnamh ar ghníomhú a dhéanamh faoi Chód Iompair na Státseirbhíse.
- Cuir aiseolas i scríbhinn ar fáil don oibrí taobh istigh de 20 lá, agus aon ghníomh beartaithe san áireamh ann.
- Déan tuairisciú ar an toradh agus cuir na taifid uile ar aghaidh chuig Rúnaí Cúnta na Rannóige Seirbhísí Corparáideacha.

## Aguisín B: Sreabhadh Oibre an Phróisis Tuairiscithe Inmheánaigh

Tá achoimre sa léaráid seo a leanas ar shaolré nochtaithe, ón tráth a thugtar an tuairisc, ar aghaidh trí chéim an mheasúnaithe chun deimhniú cé acu an raibh bunús leis an tuairisc nó nach raibh, agus an gníomh a tógadh ina dhiaidh sin.

